

AONAD A CÚIG

NA MEÁIN

CHUMARSÁIDE



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- soiléiriú a thabhairt
- taitneamh agus easpa taitnimh a léiriú
- rogha a léiriú
- deimhniú a lorg agus deimhniú a thabhairt
- a léiriú gur gá rud éigin a dhéanamh
- míniú a thabhairt
- aontú.

COMHRÁ

Is múinteoirí iad Aisling agus Mícheál. Am lóin (*lunchtime*) atá ann. Tá siad ina suí in aice lena chéile (*sitting beside each other*) sa seomra foirne (*staffroom*).

Aisling: An bhféachann tú ar an teilifís mórán?
Do you look at the television much?

Mícheál: Féachann. Féachaim ar an Nuacht gach oíche agus i rith na seachtaine féachaim ar chúpla clár eile.
Yes, I do. I look at the News every night and during the week I look at a couple of other programmes.

Aisling: Cén clár teilifíse is fearr leat?
What is your favourite television programme?

Mícheál: Is é an clár teilifíse is fearr liom ná *The Sunday Game*.
My favourite television programme is The Sunday Game.

Aisling: Ní thaitníonn na sobaldrámaí leat, mar sin?
You do not like soap operas, so?

Mícheál: Taitníonn, ach chun an fhírinne a rá, ní bhíonn an t-am agam féachaint orthu.
Yes, I do, but to tell the truth, I do not have the time to look at them.

Aisling: Is aoibhinn liomsa an raidió. Bím in ann éisteacht leis agus mé ag déanamh obair an tí.
I love the radio. I am able to listen to it while doing the housework.

Mícheál: Éistimse leis an raidió i gcónaí ar mo bhealach ar scoil.
I myself, always listen to the radio on my way to school.

Aisling: Bíonn an raidió áitiúil go maith don nuacht áitiúil.
The local radio is good for the local news.

Mícheál: Caithfidh mé éisteacht leis mar sin chun a fháil amach céard atá ag tarlú.
I must listen to it so in order to find out what's happening.

Aisling: Feicim go léann tú an *Irish Independent*.

I see you read The Irish Independent.

Mícheál: Léann. Ní thógann sé ró-fhada é a léamh. Is é sin an fáth go gceannaím é.
Yes, I do. It doesn't take too long to read it. That is why I buy it.

Aisling: Céard a cheapann tú faoi na nuachtáin Domhnaigh i láthair na huairé? Bíonn siad ró-mhór.
What do you think of the Sunday newspapers at present? They are too big.

Mícheál: Bhuel! An bhfuil fhios agat? Ní cheannaím aon nuachtán Domhnaigh. Ceannaím an *Irish Times* ar an Satharn agus déanann sé sin mé don deireadh seachtaine.
Well! Do you know what? I do not buy any Sunday newspaper. I buy The Irish Times on Saturday and that does me for the week-end.

Aisling: Tá an ceart agat. Tá siad an-daor ar aon nós.
You are right. They are very dear anyway.

Mícheál: Tá agus bíonn mo mhála athchúrsála níos éadroime.
Yes, they are and my recycling bag is lighter.

FOCLÓIR LE FOGHLAIM

ag féachaint ar an teilifís - *looking at the television*

teilifíseán - *(a) television set*

an Nuacht - *the News*

seachtain - *(a) week*

i rith na seachtaine - *during the week*

an deireadh seachtaine - *the week-end*

clár - (a) programme

clár teilifíse - *(a) television programme*

cláracha teilifíse/cláir theilifíse - *television programmes*

sobaldráma/sobaldrámaí - *(a) soap-opera/soap-operas*

coiméide - *(a) comedy*

clár ceoil - *(a) music programme*

clár spóirt - *(a) sports programme*

clár cainte - *(a) talk show*

clár cúrsaí reatha - *(a) current affairs programme*

clár cócaireachta - *(a) cooking programme*

clár faisnéise - *(a) documentary*

Réamhaisnéis na hAimsire - *the Weather Forecast*

amchlár teilifíse - *(a) television timetable*

fógra - *(an) advertisement*

fógraí - *advertisements*

raidió - *radio*

clár raidió - *(a) radio programme*

stáisiún raidió - *(a) radio station*

Raidió a hAon - *Radio One*

maidin - *(a) morning*

ar maidin - *in the morning/this morning*

tráthnóna - *(an) evening*

sa tráthnóna - *in the evening*

ar mo bhealach ar scoil - *on my way to school*

ar mo bhealach abhaile ón scoil - *on my way home from school*

sa tráthnóna - *in the evening*

raidíó áitiúil - *local radio*

nuacht áitiúil - *local news*

sa siopa áitiúil - *in the local shop*

ag ceannach - *buying*

ag ceannach an nuachtáin - *buying the newspaper*

an teach - *the house*

obair an tí - *housework*

**nuachtán/páipéar nuachta -
(a) newspaper**

nuachtán laethúil - *(a) daily newspaper*

nuachtán Domhnaigh - *(a) Sunday newspaper*

nuachtáin Domhnaigh - *Sunday newspapers*

iris/irisleabhar - *magazine*

iriseoir - *(a) journalist*

iriseoireacht - *journalism*

daor - *dear*

an-daor - *very dear*

ródhaor - *too dear*

saor - *cheap*

an-saor - *very cheap*

róshaor - *too cheap*

mála - *(a) bag*

athchúrsáil - *recycling*

mo mhála athchúrsála - *my recycling bag*

forlíonadh - *(a) supplement (to newspaper)*

alt - *(an) article*

an príomhalt - *the main article*

an ceanteideal - *the headline*

grianghraf - *(a) photograph*

an t-eagarthóir - *the editor*

litir chuig an eagarthóir - *(a) letter to the editor*

leathanach - *(a) page*

na leathanaigh spóirt - *the sports pages*

Féach. - *Look.*

féachaim - *I look*

ag féachaint ar an teilifís - *looking at the television*

Éist. - *Listen.*

éistim - *I listen*

ag éisteacht leis an raidió - *listening to the radio*

ag léamh an nuachtáin - *reading the newspaper*

chonaic mé ar an teilifís - *I saw on the television*

chuala mé ar an raidió - *I heard on the radio*

léigh mé ar an nuachtán - *I read on the newspaper*

AISTRIGH GO GAELIGE

Is múinteoirí iad Gráinne agus Tomás. Am lóin atá ann. Tá siad ina suí in aice lena chéile sa seomra foirne

Gráinne: *Do you listen to the radio much?*

Tomás: *Yes, I do. I listen to the radio on my way to school and on my way home from school.*

Gráinne: *What's your favourite station?*

Tomás: *My favourite station is Lyric FM.*

Gráinne: *When do you listen to Lyric FM?*

Tomás: *I listen to Lyric FM on my way home from school in the evening.*

Gráinne: *Do you listen to Radio One?*

Tomás: *Yes, I do. I listen to Morning Ireland every morning.*

Gráinne: *Were you listening to Morning Ireland this morning? The Taoiseach was on it. He was very good.*

Tomás: *I didn't hear that. I was in the local shop at the time buying the newspaper.*

FREAGRAÍ

Gráinne: An éisteann tú leis an raidió mórán?

Tomás: Éisteann. Éistim leis an raidió ar mo bhealach ar scoil agus ar mo bhealach abhaile ón scoil.

Gráinne: Cén stáisiún raidió is fearr leat?

Tomás: Is é an stáisiún raidió is fearr liom ná *Lyric FM*.

Gráinne: Cathain a éisteann tú le *Lyric FM*?

Tomás: Éistim le *Lyric FM* ar mo bhealach abhaile ón scoil sa tráthnóna.

Gráinne: An éisteann tú le Raidió a hAon?

Tomás: Éisteann. Éistim le *Morning Ireland* gach maidin.

Gráinne: An raibh tú ag éisteacht le *Morning Ireland* ar maidin inniu? Bhí an Taoiseach air. Bhí sé go han-mhaith.

Tomás: Níor chuala mé é sin. Bhí mé sa siopa áitiúil ag an am ag ceannach an nuachtáin.

GRAMADACH

An Aidiacht - Céimeanna Comparáide

The Adjective - Comparative Degrees

Rialta <i>Regular</i>		
Mar Shampla:		
trom - <i>heavy</i>	níos troime - <i>heavier</i>	is troime - <i>heaviest</i>
éadrom - <i>light</i>	níos éadroime - <i>lighter</i>	is éadroime - <i>lightest</i>
óg - <i>young</i>	níos óige - <i>younger</i>	is óige - <i>youngest</i>
sean - <i>old</i>	níos sine - <i>older</i>	is sine - <i>oldest</i>
láidir - <i>strong</i>	níos láidre - <i>stronger</i>	is láidre - <i>strongest</i>
Neamhrialta <i>Irregular</i>		
Mar shampla:		
mór - <i>big</i>	níos mó - <i>bigger</i>	is mó - <i>biggest</i>
beag - <i>small</i>	níos lú - <i>smaller</i>	is lú - <i>smallest</i>
maith - <i>good</i>	níos fearr - <i>better</i>	is fearr - <i>best</i>
olc - <i>bad</i>	níos measa - <i>worse</i>	is measa - <i>worst</i>
te - <i>hot</i>	níos teo - <i>hotter</i>	is teo - <i>hottest</i>
breá - <i>fine</i>	níos breátha - <i>finer</i>	is breátha - <i>finest</i>
álainn - <i>beautiful</i>	níos áille - <i>more beautiful</i>	is áille - <i>most beautiful</i>

Bain na lúbíní agus scríobh amach na habairtí i gceart.

1. Tá Rónán (níos:óg) ná Ciara ach is í Cáit an duine (is:óg) sa rang.

2. Tá Mícheál (níos:sean) ná Aisling agus tá sé (níos:trom) ná í freisin.

3. Tá an Spáinn (níos:mór) ná Éire agus (níos:te) ná Éire.

4. Tá an madra (níos:beag) ná an capall ach tá an capall (níos:láidir).

5. Tá Eoghan (níos:maith) ná Liam ag seinm ceoil ach is í Bríd an duine (is:maith) den triúr.

6. Tá Deirdre (níos:olc) ná Neasa ag canadh ach tá sí (níos:maith) ná Síle.

7. Bíonn an aimsir sa samhradh (níos:álainn) ná mar a bhíonn sí sa gheimhreadh agus bíonn an gairdín (níos:álainn).

8. Tá Colm (níos:maith) ná Eoghan ag rith ach is é Tomás an duine (is:maith) sa rang.

9. Tá an *Sunday Independent* (níos: trom) ná *Foinse* ach tá sé (níos:éadrom) ná an *Sunday Times*.

10. Tá péacóg (níos:mór) ná pearóid agus (níos:álainn) freisin.

FREAGRAÍ

1. Tá Rónán níos óige ná Ciara ach is í Cáit an duine is óige sa rang
2. Tá Míchéal níos sine ná Aisling agus tá sé níos troime ná í freisin.
3. Tá an Spáinn níos mó ná Éire agus níos teo ná Éire.
4. Tá an madra níos lú ná an capall ach tá an capall níos láidre.
5. Tá Eoghan níos fearr ná Liam ag seinm ceoil ach is í Bríd an duine is fearr den triúr.
6. Tá Deirdre níos measa ná Neasa ag canadh ach tá sí níos fearr ná Síle.
7. Bíonn an aimsir sa samhradh níos áille ná mar a bhíonn sí sa gheimhreadh agus bíonn an gairdín níos áille.

8. Tá Colm níos fearr ná Eoghan ag rith ach is é Tomás an duine is fearr sa rang.
9. Tá an *Sunday Independent* níos troime ná *Foinse* ach tá sé níos éadroime ná an *Sunday Times*.
10. Tá péacóg níos mó ná pearóid agus níos áille freisin.

SEANFHOCAIL LE FOGHLAIM

Bíonn caora dhubh ar an tréad is gile.

caora = sheep; tréad = flock, tribe; geal = bright; an tréad is gile = the brightest/whitest flock.

There is a black sheep in the whitest flock/in every family.

Bíonn eisceacht (exception) ann i gcónaí.

Níl saoi gan locht.

saoi = wise, learned person; locht = fault, weakness.

There is no wise person who does not have a fault. Even Homer nods. We all make mistakes.

Déanann gach duine botún (a mistake) anois is arís.

Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin.

olc = dona; an ghaoth = the wind; nach séideann = that does not blow.

It's an ill wind that blows nobody good.

Is drochrud (a bad thing) é rud éigin nach ndéanann maitheas (good) d'aon duine.

Ná scaoil do rún le buachaill ciúin.

ná scaoil = do not let go, relax; rún = secret.

Do not tell your secret to a quiet boy.

Ná hinis do rún do bhuachaill ciúin.

Briseann an dúchas trí shúile an chait.

dúchas = nature, instinct; trí shúile an chait = through the eyes of the cat.

Nature breaks out through the eyes of the cat. People follow their instinct.

If it's in a person's nature or breed to be a particular way, that person will be that way.

Leanann daoine (people follow) a nádúr.

Ní dhéanfadh an saol capall rása d'asal.

ní dhéanfadh an saol = life would not make; capall rása = a racehorse; asal = donkey.

Life would not convert a donkey into a racehorse.

You cannot make a silk purse out of a sow's ear.

Is cuma (it doesn't matter) cé mhéid traenáil a dhéanann duine, ní féidir lúthchleasaí (athlete) a dhéanamh as duine nach lúthchleasaí é/í.

Cuir síoda ar ghabhar ach is gabhar i gcónaí é.

síoda = silk; gabhar = goat.

Put silk on a goat but it's still a goat. No matter how you dress up something, you cannot change it.

Is féidir éadaí deasa a chur ar dhuine ach is é an duine céanna atá ann i gcónaí.



Ná scaoil do rún le buachail ciúin.

LOGAINMNEACHA

CARRAIG

Ainm Gaeilge**Ainm Béarla****Míniú**

An Charraig Dhubh

*Blackrock**the black rock
carrraig = (a) rock
dubh = black*

Carraig na Siúire

*Carrick-on- Suir**the rock in the river Suir*

Carraig Mhór

*Carrickmore**big rock*

Carraig an tSionnaigh

*Foxrock**the rock of the
fox
sionnach = (a) fox*

Carraig Airt

*Carrigart**the rock of Art*

Carraig Fhearghasa

*Carrickfergus**the rock of
Fergus*

Carraig Mhachaire Rois

*Carrickmacross**the rock of the
plane of the
grove
machaire = (a) plain
ros = (a) grove/wood*

Carraig Álainn

*Carraickallen**the lovely/rock
álainn= lovely/beautiful*

Carraig na bhFear

*Carrignavar**the rock of the
men
fear = (a) man*

Carraig Aonair

*The Fastnet**the rock on its own
aonar = solitary, single*